



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 20 Meitheamh 2019
(OR. en, pl)

Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0210(COD)

10297/19
ADD 2 REV 1

PECHE 290
CADREFIN 281
CODEC 1232

NÓTA

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	na toscaireachtaí
Ábhar:	Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (CEMI) - Cur chuige ginearálta páirteach

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, Ráitis SE, EE, PL, mar aon le ráitis chomhpháirteacha LV agus LT maidir le cur chuige ginearálta páirteach CEMI a tíolacadh ag an gComhairle Talmhaíochta agus Iascaigh ar an 18 Meitheamh 2019.

Ráiteas ón tSualainn

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (CEMI)

Áirítear an méid seo a leanas i dtéacs an togra: an deis bearta feabhsaithe acmhainneachta a mhaoiniú, agus ag an am céanna déantar an tsuim iomlán a fhéadfaidh na Ballstáit a leithdháileadh ar bhearta a bhaineann le hacmhainneacht a mhéadú faoi dhó, ar a laghad. Níl coinníollacha sásúla sa togra chun an ró-acmhainneacht a chosc, agus d'fhéadfadh an ró-iascaireacht a bheith mar thoradh air sin. Ar an ábhar sin, tá an comhréiteach ón Uachtaránacht ag teacht salach ar spriocanna an Chomhbheartais Iascaigh agus ar an aistriú chuig iascaigh inbhuanaithe agus ar ghealltanais idirnáisiúnta an Aontais faoi chuimsiú Chlár Oibre 2030. Dá bhrí sin, vótálann an tSualainn i gcoinne an téacs comhréitigh ón Uachtaránacht.

Ráiteas ón Eastóin

Rialachán maidir leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh

Tá an Eastóin den tuairim gur uirlis thábhachtach é an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI) chun cuspóirí an Chomhbheartais Iascaigh a bhaint amach. Ar an mórgóir, féadfaidh an Eastóin tacú leis an méid atá sa chomhréiteach ón Uachtaránacht i dtaca le rialachán CEMI maidir le cur chuige ginearálta páirteach. Mar sin féin, measaimid nár tugadh aghaidh mar is ceart ar ionstraimí airgeadais sa chur chuige ginearálta.

Creideann an Eastóin go láidir gur cheart liosta na ngníomhaíochtaí incháilithe a bheith níos scaoilte ó thaobh ionstraimí airgeadais de. Ba cheart a mheas gur uirlis atá sna hionstraimí airgeadais chun iomaíocht chothrom a áirithiú seachas iad a bheith ina modh tacaíochta dírí. Tá sé sin fíorthábhachtach don Eastóin, áit ar mó deacracht a bhíonn ag an earnáil iascaigh, atá réasúnta beag, coinníollacha oiriúnacha a rathú d'iasachtaí ó institiúidí airgeadais. Mar sin, táimid den tuairim gur riachtanach maolú ó chostais neamh-incháilithe áirithe, a liostaítear in Airteagal 13 CEMI, a bhunú le haghaidh ionstraimí airgeadais. Ní hionann ionstraimí airgeadais agus tacaíocht deontais agus is gnách sa Chreat Airgeadais Ilbhliantúil, cé nach mór go rannchuidíonn na hionstraimí airgeadais leis na bacainní margaidh atá ann cheana a shárú, go bhfuil liosta na ngníomhaíochtaí incháilithe níos scaoilte ó thaobh na n-ionstraimí airgeadais de ná mar atá i gcás na tacaíochta deontais.

Réiteach amháin a d'fhéadfadh a bheith ann ná an mhír a leanas a chur isteach i rialachán CEMI:

“Airteagal 15 nua

Coinníollacha maidir leis na hionstraimí airgeadais

Ní bheidh feidhm ag na costais neamh-incháilithe dá liostaítear i bpointí (a) agus (b) d'Airteagal 13 maidir leis an tacaíocht a thugtar faoi chuimsiú na n-ionstraimí airgeadais nuair a chuirtear ar fáil don fhaighteoir deiridh í gan coibhéis deontais chomhláin cabhrach.

Ní bheidh feidhm ag na costais neamh-incháilithe dá liostaítear i bpointí (f), (h), (j), (k), (l) d'Airteagal 13 maidir leis an tacaíocht a thugtar faoi chuimsiú na n-ionstraimí airgeadais.”

Mar fhocal scoir, measaimid gur riachtanach dul i ngleic leis an tsaincheist sin sa phlé a bheidh ann sna cruinnithe tríthaobhacha, ós ábhar tábhachtach don Eastóin é i dtaobh an Ciste a chur chun feidhme amach anseo.

Ráiteas ón Liotuáin agus ón Laitvia

Rialachán maidir leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh

Cruinniú den Chomhairle Eorpach (Talmhaíocht agus Iascaigh) 18 Meitheamh 2019

Ba cheart don Chiste Eorpach Muirí agus Iascaigh tacaíocht leordhóthanach a thabhairt don chabhlaigh iascaireachta sa chéad chláirthréimhse eile agus táimid den tuairim nach leor forálacha an dréachtrialacháin i ndáil leis sin. Maidir leis an tacaíocht dá bhforáiltear do nuálaíochtaí agus d'infheistíochtaí ar bord, ní thugtar aghaidh ar an droch-chaoi atá ar shoithí iascaireachtaí de chuid an Aontais atá as feidhm go teicniúil, agus tá amhras ann ó thaobh an gheilleagair de.

Tá cuid de chabhlaigh iascaireachta an Aontais as feidhm go teicniúil, agus feistithe le hinill a ídionn go leor breosla agus a astaíonn go leor CO₂. Mar gheall an déanamh atá ar shoithí, ní féidir iad a nuachóiriú ná a nuáil agus tá sé fíorchostasach a áirithiú go mbeidh dálaí iomchuí ann ó thaobh oibre agus láimhseáil éisc de.

Is é an tuairim againne, nach mór an fhéidearthacht maidir leis an gcabhlaigh iascaireachta a athnuachan faoin gciste a bheidh ann amach anseo a bheith comhsheasmhach leis an leasú is déanaí ar na Treoirí maidir le scrúdú a dhéanamh ar státchabhair le haghaidh earnáil an iascaigh agus an docharshaothraithe, rud a chumasaíonn státchabhair maidir leis an gcabhlaigh iascaireachta sna réigiúin is forimeallaí a athnuachan.

Molaimid síneadh a chur leis an bhféidearthacht an cabhlaigh iascaireachta a athnuachan faoin gciste a bheidh ann amach anseo, agus an fhéidearthacht a bheith ann soithí níos nuaí a chur in ionad seansoithí, gan uasteorainneacha acmhainneacht iascaireachta an Bhallstáit a sháru.

Mar sin, molann an Liotuáin agus an Laitvia Airteagal nua a thabhairt isteach a bhaineann le hathnuachan an chabhlaigh iascaireachta faoin gciste a bheidh ann amach anseo, is é sin tacaíocht a bheith ann le go ndéanfar soithí níos nuaí a chur in ionad seansoithí.

Airteagal 15 nua

Soitheach iascaireachta a chur in ionad soitheach iascaireachta eile

De mhaolú ar Airteagal 13 (b), déanfar na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh i dtaca leis an thacaíocht chun an cuspóir sonrach in Airteagal 14(1)(a) a bhaint amach maidir le soitheach iascaireachta níos nuaí a chur in ionad soitheach iascaireachta:

a) baineann an soitheach ar cuireadh soitheach eile ina ionad le roinn chabhlaigh ar léiríodh ina leith sa tuarascáil deiridh maidir le hacmhainneacht iascaireachta, dá dtagraítear in Airteagal 22(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, go ndearna an roinn sin cothromú leis na deiseanna iascaireachta atá ar fáil di;

b) ní sáraítear uasteorainneacha acmhainneacht iascaireachta an Bhallstáit, a leagtar amach in Iarscríbhinn II de Rialachán Uimh. 1380/2013, i ngeall ar an soitheach ar cuireadh ina ionad;

c) tá an soitheach iascaireachta ar cuireadh soitheach iascaireachta eile ina ionad níos sine ná 25 bliana an dáta a gcuirfear an t-iarratas ar thacaíocht isteach;

d) tá an soitheach a fuarthas cláraithe sa chlár cabhlaigh sna trí bliana féilire deiridh roimh an mbliain sular tíolacadh an t-iarratas ar thacaíocht;

e) ní faide ná 40 méadar fad foriomlán na soitheach iascaireachta ar cuireadh soitheach iascaireachta eile ina ionad agus na soitheach iascaireachta a fuarthas.

Ráiteas ó Phoblacht na Polainne

maidir le cur chuige páirteach Chomhairle an Aontais Eorpaigh (10297/19) maidir le togra le haghaidh

Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, (cruinniú den Chomhairle Eorpach (Talmhaíocht agus Iascaigh) 18 Meitheamh 2019)

Ba mhaith leis an bPolainn tabhairt ar aird nach gcomhlíontar go hiomlán riachtanais earnáil an iascaigh i réigiún Mhuir Bhailt sa téacs comhréitigh a ghlac an Chomhairle, agus iarann sí go dtabharfaí cur chuige réigiúnach isteach. Mar atá faoi láthair, ní fhéadfaidh an cur chuige ginearálta páirteach tubaiste na stoc i Mhuir Bhailt a sheachaint agus dul i ngleic léi mar is ceart. Ó bhí 2015 ann, is iomaí uair a tharraing an Pholainn aird ar stoc troisc i Muir Bhailt Thoir a bhí ag dul in olcas, d'iarr sí ar an gCoimisiún agus ar na stáit sa réigiún tacaíocht a thabhairt le go ndéanfaí ionstraimí feabhais a fhorbairt. Ní léirítear sa Chiste Eorpach Muirí agus Iascaigh atá á mholadh faoi láthair fírinne an scéil. Moltar sa chomhairle a thug an Chomhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara maidir le himchuach farraige Mhuir Bhailt don bhliain 2020, gur cheart gur ag a náid a bheadh an ghabháil iomlán incheadaithe i gcás stoic troisc i Muir Bhailt Thoir agus stoic scadáin i Muir Bhailt Thiar.

Tá bearta á ndéanamh ag an bPolainn le fada an lá darb aidhm líon na dtrosc a chosaint i Muir Bhailt, i.e. tréimhse coiscthe a bheith ann agus troisc á sceiteadh, lena dtabharfar isteach cosc trálaeireachta sé mhíle (muirmhíle) sa limistéar sin, agus teorainn a chur le hiascaireacht corr gainimh chomh maith. I bhfianaise easpa comhaontaithe i measc na stát sa réigiún maidir lena riachtanaí atá sé gníomhaíocht feabhais a dhéanamh chun stoic éisc i Muir Bhailt a fheabhsú, tá baol mór ann go rachadh leibhéal na stoc sin in olcas. I ngeall air sin, bhí an Pholainn i gcoinne ghlacadh an chur chuige ginearálta maidir leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh san fhoclaíocht atá beartaithe. I bhfianaise an mhéid thuasluaite, d'iarr an Pholainn go nglacfaí bearta feabhais fadtéarmacha a rannchuideoidh go héifeachtach le haisghabháil stoc i Muir Bhailt agus na hiarmhairtí socheacnamaíocha á gcur san áireamh.